


## SEICLIOSTA D'FHOIRNE COMHPHÁIRTEACHA ILTAOBHACHA IMSCRÚDAITHE

### An chéim bhunaithe

<b><i>Imscrúduithe comhthreomhara nó imscrúduithe nasctha a shainaithint</i></b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Forbhreathnú a fháil ar imscrúduithe comhthreomhara nó ar imscrúduithe nasctha ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.</li> <li>✓ Déan measúnú ar na tíortha a chaithfidh comhoibriú le chéile ar an mbealach is déine (príomhthoisce is ea imscrúduithe a bheith ag an gcéim chéanna).</li> </ul>
<b><i>Tosca chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht JIT iltaobhach</i></b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ An gá atá le comhar feabhsaithe chun dul i ngleic le coireanna casta, go háirithe iad siúd a bhaineann le grúpaí coireachta eagraithe trasnáisiúnta.</li> <li>✓ Leibhéal forluí idir na himscrúduithe; an gá le coinbhleachtaí dlínse a chosc agus a réiteach.</li> <li>✓ Raon feidhme measta na faisnéise/an ábhair is gá a mhalartú.</li> <li>✓ Laethanta gníomhaíochta comhpháirtí a d'fhéadfadh a bheith ann i dtíortha éagsúla ina mbeadh comhaltaí ar iasacht i láthair.</li> <li>✓ Acmhainní atá ar fáil sna tíortha lena mbaineann.</li> <li>✓ An tréimhse ama a mheastar a bheidh ann chun bailchríoch a chur ar chomhaontú JIT, agus na hiarrachtaí eagraíochtúla agus riaracháin á gcur san áireamh.</li> <li>✓ Dúthracht agus meon comhoibritheach.</li> <li>✓ Leibhéal taithí ar uirlis JIT, go háirithe in JITanna ina bhfuil ceithre pháirtí JIT nó níos mó.</li> </ul>
<b><i>Cuir chuige éagsúla</i></b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ An JIT a choinneáil soláimhsithe: i bhfianaise na taithí roimhe seo, bíonn suas le ceithre pháirtí soláimhsithe, go ginearálta; ní rachaidh níos mó páirtithe JIT isteach go dtí go ndéanfar measúnú cúramach ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí atá i gceist.</li> <li>✓ Rogha chun JIT níos lú nó JIT déthaobhach a bhunú ar dtús idir tíortha a bhfuil dlúthchomhar agus dea-chomhar bunaithe acu cheana féin.</li> <li>✓ Uaireanta tá gá le cinneadh straitéiseach chun dul i gcomhar le chéile chun cur ina luí ar thír eile maidir leis an luach a bhaineann le dul isteach in JIT.</li> </ul>

<p><b>An creat dlí</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Braitheann sé ar cé acu atá nó nach bhfuil tír nach Ballstát den AE í i gceist.</li> <li>✓ Chun tuilleadh eolais a fháil, féach na <a href="#"><i>Treoirlínte maidir le Foirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe a bhfuil Tríú Tíortha páirteach iontu.</i></a></li> </ul>
<p><b>An comhaontú JIT a dhréachtú</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Machnamh a dhéanamh <a href="#"><u>ar chomhaontú samhla JIT</u></a> a úsáid.</li> <li>✓ Dea-chleachtas atá ann dul i mbun caibidlíochta i dteanga oibre choiteann.</li> <li>✓ Cuspóir agus aidhm JIT: raon feidhme na n-imscrúduithe a shainiú agus a leagan amach (coireanna sonracha, naisc idir na himscrúduithe agus aidhm JIT).</li> <li>✓ Aistriúchán ar chomhaontú JIT: seiceáil an bhfuil gá leis, má tá, an bhféadfaí ach leagan teanga amháin a shíniú agus ina dhiaidh sin aistriúchán deimhnithe a chur ar fáil.</li> <li>✓ Teacht ar chomhaontú maidir le teanga choiteann oibre don JIT, nuair is féidir.</li> <li>✓ Seiceáil an leor leagan scanta nó an bhfuil gá le doiciméid bhunaidh.</li> <li>✓ Machnamh a dhéanamh ar rúndacht agus ar straitéis na meán.</li> </ul>
<p><b>Tacaíocht Eurojust</b></p> 	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Páirt a thabhairt do Eurojust a luaithe is féidir.</li> <li>✓ Cásanna oiriúnacha a aithint le haghaidh JIT, riachtanais dlí/fhoirmiúla a shoiléiriú, comhaontú JIT a dhréachtú, an próiseas sínithe a éascú.</li> <li>✓ Cruinnithe comhordaithe ag Eurojust a eagrú.</li> </ul>

## Céim oibríochtúil 27

<p><b>Cuir chuige imscrúdaitheacha</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Cur chuige imscrúdaitheach coiteann a bhunú nó eolas a chur ar a chéile faoin gcur chuige imscrúdaitheach agus cómhaitheachtáil a áirithiú gan imscrúduithe ar a chéile a chur i mbaol.</li> <li>✓ Tuiscint fhrithpháirteach a fháil ar na difríochtaí i gcórais bhreithiúnacha ag tráthanna criticiúla an imscrúdaithe.</li> <li>✓ Cé hé nó hí a ionchúiseofar, cá háit a ndéanfar an t-ionchúiseamh agus cad iad na cionta atá i gceist?</li> </ul>
<p><b>Tiománaí/comhordai theor a cheapadh</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Breisluach má ghlacann comhpháirtí JIT amháin ceanródaí agus má ghníomhaíonn sé nó sí mar thionscnóir/chomhordaitheoir ar mhaithe le JIT (le haghaidh cistiú JIT freisin).</li> <li>✓ I gcás nach dtagann dada as imscrúduithe i dtír JIT amháin, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh comhaltaí eile JIT de bheith gníomhach agus go leanfaidh siad de bheith ag comhoibriú; d'fhéadfadh an tír a rannpháirtíocht sa JIT a tharraingt siar, rud a fhágfadh go leanfadh na tíortha eile ar aghaidh leis an JIT.</li> </ul>

<p><b>Teagmháil/cumarsáid idir comhaltaí JIT</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Teagmhálaí (comhalta amháin JIT in aghaidh na tíre) a cheapadh a bheidh in ann cumarsáid a dhéanamh i dteanga oibre choiteann.</li> <li>✓ Cruinnithe rialta a eagrú, le comhaltaí uile JIT nó le comhaltaí roghnaithe JIT.</li> <li>✓ Is i gcruinnithe duine le duine a bhíonn sé níos éasca go minic teacht ar chomhaontuithe maidir leis an mbealach chun cinn.</li> <li>✓ Feidhmeoidh Eurojust mar dhroichead idir na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta.</li> </ul>
<p><b>Malartú faisnéise agus/nó fianaise</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ I gcéad chruinniú JIT, tugadh aghaidh ar an tsaincheist maidir le nochtadh/malartú faisnéise idir comhpháirtithe JIT.</li> <li>✓ Gan doiciméid a roinnt go huathoibríoch le comhaltaí uile JIT, ach amháin leo siúd dá bhfuil tábhacht ag baint leis an bhfaisnéis.</li> <li>✓ Scagadh agus beartú tosaíochta a dhéanamh ionas nach malartófar ach doiciméid ábhartha.</li> <li>✓ Plé a dhéanamh ar conas comhaid mhóra a mhalartú go leictreonach i dtimpeallacht shlán (e.g. réiteach LFE Europol).</li> <li>✓ Níor cheart doiciméid a mheastar a bheith ina bhfaisnéis a roinnt gan marcáil shoiléir orthu nach féidir iad a úsáid in imeachtaí breithiúnacha.</li> <li>✓ Breisluach féideartha maidir le liostaí forléargais d'ábhar malartaithe a chothabháil.</li> </ul>
<p><b>Amhrastaigh choiteanna</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Amhrastaigh choiteanna a aithint.</li> <li>✓ Cinneadh a dhéanamh maidir le tosaíocht chun ionchúiseamh a dhéanamh, roimh laethanta gníomhaíochta comhpháirtí más féidir: cé hé nó hí a ionchúiseofar, cá háit a ndéanfar an t-ionchúiseamh agus cad iad na cionta atá i gceist?</li> </ul>
<p><b>Laethanta gníomhaíochta/gníomhaíochta comhpháirtí</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Forbhreathnú ar bhearta a ullmhú: na bearta is gá a chur i gcrích i gcás ina dtagann na bearta faoi shainchúram JIT agus a bhfuil gá le horduithe cúirte náisiúnta, le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach nó le hiarratais ar aitheantas frithpháirteach ina leith.</li> <li>✓ Comhaontú maidir le dáta, am tosaithe agus iasacht chomhaltaí JIT.</li> <li>✓ Comhaontú maidir le straitéis choiteann do na meáin.</li> <li>✓ Má tá gá le luath-idirghabháil i dtír amháin, níor cheart raon feidhme foriomlán imscrúduithe JIT a nochtadh.</li> </ul>
<p><b>Leathnú an JIT</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>✓ Seiceáil an bhfuil céim na n-imscrúduithe i dtíortha JIT agus i dtír is iarrthóir JIT ailínithe.</li> <li>✓ Fiosraigh 'cad ba mhaith linn a bhaint amach le síneadh JIT?'</li> <li>✓ Bainistíocht ionchais chuí a áirithiú maidir leis an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh laistigh den JIT.</li> </ul>



- ✓ An forléargas foriomlán ar dhul chun cinn JIT a choinneáil.
- ✓ Ionchasú agus soiléiriú ar shaincheisteanna dlíthiúla agus oibríochtúla (e.g. síneadh féideartha JIT, saincheisteanna *ne bis in idem*, tosaíocht chun ionchúiseamh a dhéanamh, imeachtaí a aistriú).
- ✓ **Maoiniú JIT**, lena n-áirítear trealamh slán TF a fháil ar iasacht agus trealamh ar luach íseal a cheannach.
- ✓ **Cruinnithe comhordúcháin**: an gá le dea-ullmhúchán do chruinnithe; cruinnithe comhordúcháin a d'fhéadfaí a eagrú in éineacht le cruinniú oibríochtúil in Europol.
- ✓ **Lárionaid chomhordúcháin**.
- ✓ Cúnamh le leasuithe ar chomhaontú JIT, mar shampla maidir le síneadh JIT (d'fhéadfadh gach tír nó tíortha roghnaithe a bheith i gceist).
- ✓ Cúnamh le measúnacht ar JIT.